

LUX FILM DAYS

3 SCANNÁN
24 THEANGA
28 dTÍR



© Komplizen Film

WESTERN

Scannán le Valeska Grisebach
An Ghearmáin, An Bhulgáir, An Ostair



WESTERN

SCANNÁN LE VALESKA GRISEBACH

Seoltar grúpa beag oibríthe Gearmánacha chun na Bulgáire chun hidreathuirbín a shuiteáil i gcroílár ceantair thur, shléibhtiúil sa deisceart, gar don teorainn leis an nGréig. Lonnaíonn siad a gcampa in aice le sráidbhaile iargúlta agus sánn siad a mbratach náisiúnta sa talamh chun iad féin a chur in iúl, comhartha caithréimeach atá rud beag corraitheach do mhuintir na háite.

Is mar sin a thosaíonn caidreamh casta idir an dá ghrúpa agus gan duine ar bith (nó beagnach duine ar bith) i gceachtar grúpa a labhraíonn teanga an ghrúpa eile. Déanann Meinhard, an t-iarléigiúnach mar dheia, atá ag obair mar thógálaí anois chun airgead a thuilleamh dó féin, iarracht feabhas a chur ar chúrsaí áfach agus cairdeas a bhunú le muintir an tsráidbhaile. Dá bhrí sin, dealaíonn sé é féin níos mó agus níos mó óna chomhghleacaithe atá an-dúnta mar ghrúpa, agus a cheapann go bhfuil siad féin níos fearr ná aon duine eile agus gan bá ar bith acu leis an bpobal áitiúil. Idir mhíthuiscintí agus chairdeas, éiríonn le Meinhard, an frithlaoch gan teaghlach gan cheangal, imeascadh go maith, a bheag nó a mhór, sa saol seo atá chomh difriúil óna shaol féin.


CUR I bPEIRSPICTÍOCHT

Trí ghrúpa oibríthe Gearmánacha a chur os comhair áitritheoirí sráidbhaile bhig iargúlta sa Bhulgáir, tugann an scannánóir Gearmánach, Valeska Grisebach, cuireadh dúinn ár machnamh a dhéanamh ar na difríochtaí móra socheacnamaíocha agus cultúrtha atá idir thíortha an Aontais Eorpaigh. Tá a scannán lonnaithe in Eoraip óg, atá fós i mbun forbartha agus lán de chodarsnachtaí. Ar ndóigh, is foinse saibhris dhaonna iad na malartuithe, ach chomh maith leis sin, léiríonn siad éagsúlacht sna luachanna, sna cóid agus san iompar, a bhíonn mar chúis le míthuiscintí agus le coinbhleachtaí folaithe.

Tá teannas drámatúil le braith sna malartuithe seo a leanann ar aghaidh go dtí deireadh an scannáin nuair a théann muintir an tsráidbhaile chuig cóisir i gcampa na nGearmánach, áit a bhfuil ceol agus damhsa mar theangacha uilíocha eatarthu. Is iad an gá na claontachtaí a chur i leataobh, agus meas agus oscailteacht a thaispeáint do dhaoine eile, téamaí an scannáin buachaillí bó seo, a cháineann an mhórchúiseacht agus an meon caithréimeach maidir le comhpháirtithe níos boichte.

TRÁTH DÁ RAIBH SAN OIRTHEAR

Go dtí go ndearnadh ball den Aontas Eorpach di sa bhliain 2007, d'fhéach na tíortha iartharacha ar an mBulgáir mar chineál *terra incognita* a raibh baint fós aici leis an iarbhloc Sóivéadach, ainneoin gur cuireadh deireadh leis 25 bliana níos túisce. Leis an gcíoradh a dhéantar ar chaidrimh dhaonna, léiríonn *Western* go soiléir an bhearna atá idir dhá dhream nár éirigh leo teacht ar fhéiniúlacht choitianta Eorpach fós. Ar an gcaoi sin, is ábhar iontais é go gcuireann na hoibríthe Gearmánacha fúthu ar an toirt faoi mar a bheidís ar thalamh ghafa: cuireann siad an bhratach in airde chun léiriú feiceálach a tabhairt ar an bhforlámhas atá acu ar an bpíosa talún ar a bhfuil a gcampa lonnaithe fad is atá siad ag obair; glacann Meinhard seilbh ar chapall a cheapann sé a bheith fiáin, ach is é fírinne an scéil ná gur le Adrian, uncail le Vanko, an capall; glacann Vincent meon míchuí i leith na gcailíní a thagann chun iad féin a ní san abhainn agus ní bhíonn drogall ar bith air an t-uisce atá gann ar mhuintir an tsráidbhaile a chur ar mhalairt slí, faoi mar a bheadh tosaíocht ag a riachtanais siúd agus iad níos tábhachtaí ná riachtanais an phobail áitiúil; tugann siad turas glórach timpeall an tsráidbhaile le linn na hoíche





© Komplizen Film

i bhfeithicil 4x4 chun a láithreacht mhórchúiseach sa cheantar a chur in iúl agus chun aon ionróirí a bheadh ag cuimhneamh ar theacht isteach ina gcampa a dhíspreagradh...

Feictear neart gnéithe eile scannán buachaillí bó i scannán Valeska Grisebach: Meinhard, buachaill bó aonarach, gan aon mhothú le feiceáil ar a aghaidh, ag marcaíocht droimnochta, tailte fásacha, neamhthorthúla le roinnt tírdhreacha aoibhne, sráidbhaile beag le sráideanna deannachúla agus caifé a fheidhmíonn mar shalún, áit a gcaitear an t-am ag ól raki agus ag imirt cártaí i gcomhair airgid, dhá ghrúpa in adharca a chéile, dream amháin acu ag ceapadh go bhfuil siad níos fearr ná an dream eile i dtéarmaí forbartha agus sibhialtacht — “Tá na sráidbhailte seo cosúil le turas a thabhairt ar ais san am atá caite” a deir duine de na Gearmánaigh agus é ag cur aithne ar an gceantar óna fheithicil 4x4 —, etc.



© Komplizen Film

I gcomhthéacs sin an dúshláin, éiríonn le pearsa Meinhard maolú a dhéanamh ar chaidreamh atá lán de naimhdeas agus de mhíthuiscintí. Ainneoin na ndeacrachtaí teanga, éiríonn leis naisc a chruthú leis an bpobal áitiúil agus bíonn bá aige leo, rud nach dtaitníonn lena chomhghleacaithe Gearmánacha. Déanann sé cás ar a son, go háirithe oíche amháin nuair a luann Vincent go bhféadfaidís an t-uisce atá ceaptha dul chuig an sráidbhaile a chur ar mhalairt slí. Miníonn Meinhard go bhfuil an t-uisce á chiondáil agus go bhfuiltear á roinnt idir trí cheantar éagsúla cheana féin mar gheall ar ghanntanas. Ach tugann Vincent an chluas bhodhar dá argóintí agus déanann sé ionsaí fíochmhar air agus é ag siúl leis sa dorchadas, mar dar leisean gurb ionann trácht a dhéanamh ar dheacrachtaí na gcomharsan agus seasamh a thógáil in aghaidh a champa féin. Is cosúil gurb é an tuiscint ar riachtanais daoine eile, rud nach ritheann le stiúrthóir na hoibre, an toradh atá ar na malartuithe a bhunaítear de réir a chéile idir an fear seo agus muintir an tsráidbhaile. Léiríonn sé sin go soiléir an gá atá le plé, ní hamháin ar leibhéal daonna, ach go sóisialta freisin, mar gur ar an mbealach sin a fhaightear eolas tábhachtach atá riachtanach chun gur féidir leis an dá ghrúpa maireachtáil le chéile.



© Komplizen Film

TEACHT LE CHÉILE DEACAIR

Ní fada go gcuirtear stop leis an obair, agus leis na fir chomh maith. Bíonn moill ar an leoraí atá ceaptha 40 tona gairbhéil, a theastaíonn chun an obair a chríochnú, a sheachadadh agus dá bhrí sin is leis an ngrían, leis an abhainn agus leis an alcól a chaitheann an fhoireann bheag Ghearmánach an t-am. Bíonn seatanna fada den tírdhreach, a rinneadh go mall ar a son féin, agus fuaim na bhfeithidí mar thionlacan le feitheamh na bhfear, agus a saol ag bogadh ar aghaidh go mall. Ach maidir le Meinhard, caitheann seisean go leor ama sa sráidbhaile agus glacann sé páirt i ngníomhaíochtaí an phobail: balla cloiche a thógáil, duilleoga tobac a thriomú... Is cosúil go bhfuil athrú treo tarlaithe i saol an tseachránaí seo nach mbaineann le haon áit ar leith. Tá go leor mistéire ag baint leis féin agus lena fhéiniúlacht — maíonn sé gur iar-léigiúnach é, gan bhaile gan teaghlach, ach níl rud ar bith sa scannán a dheimhniú an scéal seo go cinnte — agus ní éiríonn leis áit a fháil dó féin sa champa ná sa sráidbhaile. Tugann na turais rialta a dhéanann sé idir an dá áit, go minic déanach sa tráthnóna nó i lár na hoíche, deis don stiúrthóir imeachtaí gan choinne agus foréigean a thabhairt isteach i gcodarsnacht le suanaíocht ginearálta an scannáin.

Déantar an radharc ina léirítear Vincent ag léim ar Meinhard agus á leagan go talamh agus é ag siúl leis féin sa dorchadas a athléiriú trí huair. An chéad uair, nuair a léimeann Vanko sa mhullach air ó bharr leoraí; bíonn an bheirt ag rabhláil thart ar an talamh ach go tobann is é an t-ógánach a bhíonn thíos leis nuair a thiteann sé i laige. Fad is a bhíonn sé gan aithne gan urlabhra, ceistimid an chúis a bhí ag Vanko é sin a dhéanamh agus

conas mar a rachaidh sé i bhfeidhm ar mhuintir an tsráidbhaile nuair a thiocfaidh siad ar a chorp, nach bhfuil ag bogadh, a thug Meinhard ar ais chuig an tsráidbhaile. Mar nuair a thagann sé chuige féin, faighimid amach nach raibh uaidh ach magadh a dhéanamh agus go mbreathnaíonn sé ar Meinhard mar chara anois. Dá bhrí sin, is eachtra foréigin “gan chúis” é sin, gan aon iarmhairtí tromchúiseacha, ach tá sé suntasach mar go gcruthaíonn sé strus ar leith a léiríonn an teannas seasta atá idir an dá phobal. I dtreo dheireadh an scannáin, déantar ionsaí eile ar Meinhard sna cúinsí oíche céanna. Tar éis dó diúltú an t-airgead a bhain sé de dhuine de mhuintir na háite i gcluiche a thabhairt ar ais dó, ionsaíonn triúr fear é, caitheann siad isteach san abhainn é agus imíonn leo. Caitheann Meinhard an oíche ansin agus é báite fliuch. Lá arna mhárach faigheann muintir na háite ar leataobh an bhóthair é agus tugann siad leo chuig cóisir atá á heagrú i gcampa na nGearmánach é. Ar deireadh agus an oíche beagnach thart, bíonn Meinhard i lár achrainn arís. An babhta seo cáineann fear é mar gur chodail sé le duine de chailíní an tsráidbhaile. Tosaíonn an bheirt ag troid agus leagtar Meinhard go talamh arís. “Sin mar a bhíonn tsráidbhaile... D’fhéadfadh rud ar bith tarlú!” arsa Adrian, a tháinig chun sólas a thabhairt dó díreach tar éis an ionsaithe.

Breathnaíonn sé go bhfuil dhá aimsearthacht ar leith ann a chuireann rithim le *Western*: aimsearthacht lae, sách saoráideach, ina bhfuil na caidrimh rialaithe agus smachtaithe, agus aimsearthacht oíche, ina bhfuil fiántas i réim mar gheall ar an teannas brúidiúil, tobann atá thart ar an bpríomhcharachtar. Ó am go ham, bíonn amhras ar a chomhghleacaithe faoi Meinhard, go háirithe a stiúrthóir, Vincent, a bhraitheann go ndearnadh feall air, agus amanna eile, is iad muintir an tsráidbhaile a bhíonn amhrasach faoi Meinhard. Ní thuigeann siad an mian láidir atá aige a bheith páirteach leo agus ar bhealach tá deacracht acu leis an gcaoi nár éirigh leis fanacht amach uathu. Léiríonn pearsa Meinhard príomhcheisteanna an scannáin go soiléir, is é sin na deacrachtaí ar fad a bhaineann le teacht le chéile dhá ghrúpa daoine atá an-difriúil óna chéile, in ainneoin féiniúlacht pholaitiúil chomónta. Tá gá ar an gcéad dul síos, ní hamháin le mian a bheith oscailte i dtreo daoine eile, ach le go leor measa agus machnaimh chomh maith.





© Komplizen Film

ÁBHAR MACHNAIMH

- I dtús an scannáin, tógann Vincent hata duine de na fir óga Bulgáracha a thit isteach san abhainn agus úsáideann sé é chun spochadh as an bhfear óg. Brúnn sé a cheann faoin uisce fiú. Ag an deireadh, feictear radharc eile cosúil leis, áit a bhfuil seilbh glactha ag na Bulgáraigh ar an mbratach Ghearmánach. Céard é do mheas faoin nasc idir an dá radharc sin, ó thaobh siméadrachta agus cosúlachta?
- “Céard atá tú ag cuardach anseo?” a fhiafraíonn Adrian de Meinhard ag deireadh an scannáin ar fad, agus é ag tabhairt ar ais na scine a thairg sé mar bhronntanas dá nia Vanko. Maidir leis na gnéithe a chíortar sa scannán, déan do mhachnamh freisin ar an gceist seo: meas tú céard atá á chuardach ag Meinhard san áit sceirdiúil sin nach dtarlaíonn rud ar bith ann taobh amuigh den sráidbhaile, áit nach gcloistear nuacht ar bith faoin saol mór, áit a bhfuil ganntanas oibre, compoird agus gníomhaíochtaí cultúrtha nó spóirt?
- Cé nach ndéantar aon tagairt dhíreach dó, tá roinnt tagairtí indíreacha sa scannán maidir le stair shuntasach na tíre nó maidir le staid an gheilleagair sa tír. An cuimhin leat na tagairtí sin? Céard a chuireann na gnéithe comhthéacs sin leis an scéal faoin teacht le chéile idir muintir an tsráidbhaile Bulgárach agus na hoibríthe Gearmánacha?



© Komplizen Film

les gniognoux



(1) DUAIS
SCANNÁNAÍOCHTA
LUX

SCANNÁNAÍOCHT EORPACH D'EORPAIGH

I ndiaidh chomórtas na bliana seo caite, arbh é ceiliúradh 10 mbliana an tionscnaimh é, tá duais LUX fós ag tabhairt seánraí agus guthanna éagsúla le chéile trí mheán scannáin arna ndéanamh ag stiúrthóirí tréitheacha na hEorpa. Is mór ag Parlaimint na hEorpa na trí scannán atá san iomaíocht do LUX FILM PRIZE (1) 2017 a chur i láthair:

120 BATTEMENTS PAR MINUTE (*BPM – Beats Per Minute*),

scannán le Robin Campillo, An Fhrainc

SAMEBLOD (*Sami Blood*), scannán le Amanda Kernell, an tSualainn,

an Iorua, An Danmhairg

WESTERN, scannán le Valeska Grisebach, An Ghearmáin, An Bhulgáir, An Ostair

Tugann na scannáin aghaidh ar ábhair reatha, ar bhealach croíúil, cliste agus tugann siad léiriú ar a bhfuil os comhair na hEorpa i láthair na huaire. Léiríonn siad carachtair a osclaíonn a súile ar an domhan mórthimpeall orthu chun tuiscint a fháil ar an saol mar atá i ndáiríre, agus ar an tsochaí agus an pobal lena mbaineann siad. Cuireann mothúcháin na scannánaíochta lenár scéalta agus mar sin léirítear caighdeán agus éagsúlacht na scannánaíochta Eorpaí, chomh maith lena ról tábhachtach maidir le luachanna na sochaí agus pobail chultúrtha a chur chun cinn. Tugaimid cuireadh duit na scannáin a fheiceáil ag an 6ú heagrán de LUX FILM DAYS (2).

(2) LAETHANTA
SCANNÁIN LUX

LUX FILM PRIZE

Tá ról bunúsach ag an gcultúr sa chaoi ina gcruthaítear ár sochaí.

Ar an ábhar sin, chuir Parlaimint na hEorpa tús le LUX FILM PRIZE in 2007. Leis seo tá súil ag an bParlaimint cur leis an méadú ar dháileadh scannán Eorpach ar fud na hEorpa agus díospóireacht Eorpach a spreagadh maidir le mórcheisteanna na sochaí.

Is tionscnamh eisceachtúil é LUX FILM PRIZE. Ós rud é nach mbíonn an chuid is mó de na comhléiriúcháin Eorpacha le feiceáil ach amháin sa tír ina ndearnadh an scannán agus gur fíorannamh a dháiltear in aon áit eile iad, fiú amháin laistigh de AE, is deis neamhchoitianta atá in LUX FILM PRIZE chun fotheidil 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh a chur ar thrí scannán Eorpacha.

Déanfaidh Feisirí Pharlaimint na hEorpa vóta a chaitheamh chun buaiteoir LUX FILM PRIZE a roghnú agus an 15 Samhain 2017 fógrófar cé acu scannán a thug an chraobh leis.

LUX FILM DAYS

D'eascair LUX FILM DAYS as LUX FILM PRIZE chomh maith. Ó 2012 i leith, cuirtear na trí scannán atá san iomaíocht do LUX FILM PRIZE i láthair don phobal Eorpach is mó le linn LUX FILM DAYS.

Is deis iad LUX FILM DAYS chun páirt a ghlacadh in ócáid chultúrtha gan teorainn nach ndéanfar dearmad uirthi. Ó mhí Dheireadh Fómhair go Nollaig, féadfaidh tú teacht le chéile le daoine eile as gach cearn den Eoraip a bhfuil dúil acu sa scannánaíocht trí fhéachaint ar na trí scannán i gceann de 24 theanga oifigiúla AE. Ná dearmad vóta a chaitheamh don scannán is fearr leat ar ár suíomh gréasáin luxprize.eu, nó ar ár leathanach Facebook.

AN tAITHEANTAS POBAIL

Is é an tAitheantas Pobail an gradam a dhámhann an lucht féachana in LUX FILM PRIZE. Ná dearmad vóta a chaitheamh do cheann de na trí scannán roimh an 31 Eanáir 2018! B'fhéidir go mbeadh seans agat freastal ar fhéile idirnáisiúnta scannánaíochta Karlovy Vary i mí Iúil 2018 — le cuireadh ó Parlaimint na hEorpa — agus teideal an scannáin a gheobhaidh an t-aitheantas pobail a fhógairt.

FÉACH,
PLÉIGH
& VÓTÁIL



@luxprize



#luxprize

LUX
PRIZE
.EU

STIÚRTHÓIR: Valeska Grisebach

SCRIPT SCANNÁIN: Valeska Grisebach

FOIREANN AISTEOIRÍ: Meinhard Neumann,
Reinhardt Wetrek, Syuleyman Alilov Letifov,
Veneta Frangova, Vyara Borisova

STIÚRTHÓIR FÓTAGRAFAÍOCHTA:

Bernhard Keller

LÉIRITHEOIRÍ: Jonas Dornbach,
Janine Jackowski, Maren Ade,
Valeska Grisebach, Michel Merkt

LÉIRIÚCHÁN: Komplizen Film,
Chouchkov Brothers, Coop99 Filmproduktion,
KNM et ZDF-Das Kleine Fernsehspiel

BLIAIN: 2017

FAD: 119'

SEÁNRA: Ficsean

TÍR: An Ghearmáin, An Bhulgáir, An Ostair

BUNLEAGAN: An Ghearmáinis,
An Bhulgáiris, An Béarla

DÁILEOIR(Í): New Wave Films



